Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute of Technology

LEATHANACH EOLAIS TOSAIGH

Ionad Foghlama Matamaitice

Tá sé mar chuspóir ag an Ionad Foghlama Matamaitice tacaíocht mhatamaitice a chur ar fáil do mhic léinn, ní miste cén cúrsa staidéir atá siad a dhéanamh san LYIT. B'fhéidir nach bhfuil tú muiníneach as do chumas matamaitic a dhéanamh? B'fhéidir go ndearnadh faillí i do chuid léinn ait éigin nó go raibh droch eispéireas agat de bheith ag foghlaim matamaitice? Bhfuil sé dornán blianta ó rinne tú staidéar ar mhatamaitic go deireanach? B'fhéidir gur cuireadh isteach ar do chuid staidéir ar feadh tamaill agus go bhfuil tú anois i bhfách le hamharc siar ar roinnt topaicí. B'fhéidir nár clúdaíodh topaic éigin ón am a bhí tú sa mheánscoil!

Cibé réasún, ná fág é go dtí go bhfuil sé rómhall. Dá mba mhaith leat do chuid matamaitice a fheabhsú, tar agus labhair linn. Tig linn cuidiú leat. Cuirtear fáilte ar leith chuig an Ionad Foghlama Matamaitice roimh mhic léinn aibí agus daoine fásta atá ag filleadh ar oideachas.

Seirbhísí a chuirtear ar fáil

Ofrálann an tIonad Foghlama Matamaitice seirbhís 'buail isteach' saor in aisce do na mic léinn san LYIT. Bíonn sé oscailte gach lá ó 9.30 r.n. go dtí 12.30 i.n. agus arís ón 2.00 i.n. go dtí 5.30 i.n. agus is féidir coinní a shocrú do amanna eile. I measc na seirbhísí atá ar fáil do mhic léinn, tá siad seo a leanas -

- Comhairliúchán aonair i ndáil le topaicí matamaitice agus fisice ó do chúrsa staidéir
- Tacaíocht bhreise teagaisc i ngrúpaí beaga
- Rochtain ar acmhainní speisialta
- Tástáil dhiagnóiseach
- Cláracha athbhreithnithe réamhscrúduithe
- Tacaíocht ar-líne.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach ionann dul chuig an Ionad Foghlama Matamaitice agus freastal ar do chuid léachtaí - caithfear dul chucu sin! Lena chois sin, ní ofrálann muid seirbhís i gcomhair tascanna matamaitice a chur i gcrích!

Conas muid a aimsiú agus teagmháil a dhéanamh linn

Tá an tIonad Foghlama Matamaitice lonnaithe i Seomra 3460, ar an tríú hurlár sa phríomhfhoirgneamh, san Aonad Tacaíochta Foghlama atá in aice le Seomra na Mac Léinn Aibí.

An Dr Joe English
Stiúrthóir
Ionad Foghlama Matamaitice
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Bóthar an Chalaidh
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall
(t) +35374 9186356
(e) joe.english@lyit.ie

Lucia Ramsey
Teagascóir Matamaitice
Ionad Foghlama Matamaitice
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Bóthar an Chalaidh
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall
(t) +35374 9186256
(e) lucia.ramsey@lyit.ie